



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Leabhrán Eolais

Comórtas Oscailte do Phríomhoifigeach Cúnta

Is féidir go gcuirfear socruithe iasachta ó roinn nó gníomhaireacht earnála poiblí eile san áireamh.

An dáta deiridh: 27 Márta 2020

**Déan teagmháil le: Hazel Whelan
Recruitment Plus
20 Bóthar Chill Mhochuda Íocht.
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath
Fón: +353 1 2788610**

Ríomhphost: qqi@rplus.ie

Stádas an phoist: *Conradh Téarma Socraithe (3 Bliana)*

Údarás: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Suíomh: 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2

Teideal an Phoist: Bainisteoir Tionscadail

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann,

26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2 Fón: +353 1 9058100

AN CLÁR

MAR GHEALL AR DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ (QQI)	3
SONRAÍOCHT AN PHOIST	5
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE	7
PÁ	7
CUID II (COINNÍOLLACHA EILE A BHAINNEANN LE DAOINE A CHEAPFAÍ SA PHOST SEO)	9
AN PRÓISEAS IOMAÍOCHTA	11
CONAS IARRATAS A DHÉANAMH:	11
MODHANNA ROGHNÚCHÁIN	12
GEARRLIOSTÚ	12
RÚNDACHT	12
OIBLEAGÁIDÍ IARRTHÓIRÍ	13
NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988 AGUS 2003	14
RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHTA AN IARRATASÓRA RIALTÓIR SONRAÍ – DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN	14

Mar gheall ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Is gníomhaireacht neamhthráchtála stáit é an QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) a bunaíodh leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 le bord a cheapann an tAire Oideachais agus Scileanna.

Cáilíochtaí, Caighdeáin, Dámhachtainí, Aitheantas

- I réimse na gcáilíochtaí, táimid freagrach as an [CNC](#) (An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) deich leibhéal a chothabháil.
- Is comhlacht dámhachtana muid, leis, agus déanaimid caighdeáin na ndámhachtainí a dhéanaimid sa CNC a shocrú agus a athbhreithniú.
- Cuirimid comhairle ar fáil, leis, ar aitheantas do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear.
- Mar fheidhm nua de chuid an QQI, foilseoidimid eolaire soláthraithe agus dámhachtainí sa CNC.

Dearbhú Cáilíochta

- I dtaca le dearbhú cáilíochta, táimid freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá dearbhú cáilíochta i soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna in Éirinn. Áirítear air sin na hollscoileanna, na hinstiúidí teicneolaíochta, na boird oideachais agus oiliúna agus soláthraithe san earnáil príobháideach breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna (a bhaineann leas as dámhachtainí an QQI).
- Déanaimid cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú agus déanaimid raon leathan dámhachtainí san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna lena n-áirítear sna boird oideachais agus oiliúna.
- Déanaimid dámhachtainí, leis, san ardoideachas, go háirithe d'fhoghlaimoirí i soláthraithe príobháideacha. Déanann na hollscoileanna agus na hinstiúidí teicneolaíochta a gcuid dámhachtainí féin, a bheag nó a mhór.

Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear ar fheidhm Stiúirtheacht na Seirbhísí Corparáideacha gach dualgas a bhaineann le príomhréimsí gnó, lena n-áirítear:

- Pleanáil agus Straitéis Chorparáideach
- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Comhlíonadh na Soláthraithe, Cosaint d'Fhoghlaimoirí agus Iniúchtaí
- Iniúchtaí

Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2019 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/32/enacted/en/print>

Cosnóidh an reachtaíocht nua iomláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí agus dea-cháil an ardoideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna in Éirinn agus feabhsóidh sé caighdeáin in earnáil an oideachais idirnáisiúnta.

Seo na príomhathruithe:

- Beidh ar chumas an QQI forais cháiliúcháin amhail forais ghairmiúla nó forais idirnáisiúnta cháiliúcháin a liostú agus a gcáilíochtaí a chur san áireamh ar an gCNC;
- Soláthrófar leis bonn dlíthiúil don QQI chun oiriúnacht chorparáideach soláthraithe a scrúdú, lena n-áirítear comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta fostaíochta;
- Tabharfar isteach leis an Marc Idirnáisiúnta Oideachais le haghaidh eárnálacha an Ardoideachais agus an Oideachais Mhúineadh an Bhéarla;
- Bunófar leis scéim náisiúnta chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint i gcás go ndúnann soláthraí go tobann;
- Cumhachtófar leis an QQI chun muilté aistí agus foirmeacha eile den chaimiléireacht acadúil a ionchúiseamh.
- Bunófar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta mar fhorais neamhspleách cháiliúcháin.
- Bunófar leis cosán trínar féidir le hinstiúidí príobháideacha ollscoil a thabhairt orthu féin.

Bhain an QQI creidiúnú amach dár ngealltanas i leith folláine na bhfostaithe nuair a bronnadh an Marc KeepWell orainn, atá creidiúnaithe ag IBEC. Is aitheantas é an dámhachtain seo go dtugann an QQI tús áite d'fholláine na bhfostaithe i mbeartas na heagraíochta.



Is Fostóir Comhdheiseanna é an QQI

Sonraíocht an phoist

Tá Bainisteoir Tionscadail á lorg ag an QQI, ar chonradh téarma socraithe 3 bliana chun dul i mbun oibre i Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha. Rachaidh an Bainisteoir Tionscadail i gceannas ar an Oifig Bainistíochta Tionscadail agus beidh sí/sé freagrach as gníomhaíochtaí na hoifige sin a thabhairt isteach.

Cuspóir an Phoist

Is é feidhm na hOifige Bainistíochta Tionscadail bheith mar lárphointe comhordúcháin agus maoirseachta ar gach clár agus gníomhaíochtaí tionscadail sa QQI. Tá sí freagrach as modh oiriúnach bainistíochta tionscadail a úsáid ionas gur féidir tionscadail a bhainistiú ar shlí chomhsheasmhach agus a thuairisciú sna haonaid ghnó ar fad. Cuireann sí tacaíocht ar fáil do Chlárhbhord an QQI, urraithe tionscadail, bainisteoirí tionscadail agus ceannairí foirne ach níl sí freagrach as cur i bhfeidhm na dtionscadal i dtrácht. Beidh sí freagrach, leis, as comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú reachtaíochta agus rialachán nua le cinntiú go dtugtar feidhmeanna nua gaolmhara an QQI isteach go héifeachtach.

Príomhchúraimí

An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

1. Cur i bhfeidhm Acht Leasaithe 2019 a chomhordú.

- Plean tionscadail foriomlán a cheapadh chun Acht Leasaithe 2019 a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí a thabhairt isteach de réir a cheile laistigh de spriocthréimhsí oiriúnacha.
- Struchtúir tionscadail a bhunú chun tacú le cur i bhfeidhm na dtionscadal gaolmhar.
- Comhordú lárnach a dhéanamh ar iarrachtaí ó bhaill foirne agus bainisteoirí ar fud na heagraíochta.

- Dul i mbun oibre leis an ardfhoireann bainistíochta agus le bainisteoirí tionscadail ainmnithe chun tionscadail a chur i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach infheicthe, a bheidh ailínithe leis na feidhmeanna nua.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le spriocthréimhsí aontaithe.
- Dul chun cinn a thuairisciú don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus aon fhadhb a ghéarú.

2. Dualgais eile

- Feidhm na Clároifige, an Clárhord san áireamh, a bhainistiú agus a riar.
- Uirlisí Úsáide Bainistíochta Tionscadail a chothabháil agus a fhorbairt, lena n-áirítear athruithe ar an bpróiseas Bainistíochta Tionscadail agus teimpléid bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhainistiú.
- Máistir-sceideal de chlár agus de thionscadail a choimeád agus a chinntiú go gcloítear le sceidil chuí rialachais, ceadú athruithe agus tuairiscithe.
- Tuarascálacha comhdhlúite a rianú, a thiomsú agus a ullmhú don Chlárhord maidir le dul chun cinn ar chlár agus ar thionscadail, chun trédhearcacht agus sofheictheacht stádais, dul chun cinn agus riosca a sholáthar mar chabhair chun príomhchinntí a dhéanamh.
- Teagmháil a dhéanamh le bainisteoirí tionscadail agus comhairle a chur orthu maidir le doiciméid tionscadail a chur i dtoll a chéile, lena n-áirítear tuairiscí stádais agus foirmeacha scortha tionscadail a sceidealú i gcás tionscadal ceadaithe.
- Comhairle, oiliúint, cóitseáil agus tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí tionscadail agus do cheannairí foirne maidir le cuspóirí tionscadail a bhaint amach.
- Athbhreithnithe iar-thionscadail a éascú agus ceachtanna foghlama a thaifeadadh, a anailísiú agus a scaipeadh agus moltaí a dhéanamh faoi dheachleachtas agus comhroinnt eolais.
- Oibriú na hOifige Bainistíochta Tionscadail agus an bonneagar bainistíochta tionscadail a fheabhsú agus a bhreisiú de réir mar a théann an Oifig in aibíocht.

- Éascú a dhéanamh ar thiomsú an Phlean Chorporáidigh agus ar nuashonruithe agus tuarascálacha ráithiúla gaolmhara.
- Aon tasc eile a d'fhéadfadh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a shannadh.

Eolas agus Taithí Riachtanach

Ní mór **taithí trí bliana ar a laghad ar bhainistíocht tionscadail** a bheith ag an té a cheapfar mar aon le **taithí bliana ar a laghad** de bheith ag obair i dtimpeallacht **Oifige Bainistíochta Tionscadail**. Ní mór creidiúnú a bheith ag iarrthóirí i modheolaíocht tionscadail ar nós PRINCE2 nó PMBOK nó céim ábhartha.

Ní mór d'iarrthóirí oiriúnacha a bheith in ann a léiriú:

- Go bhfuil taithí acu ar thionscadail chasta agus idirghaolmhara ó thús deireadh, lena n-áirítear idirspeáchas idir tionscadail agus laistigh de chlár agus taithí ar acmhainní a sceidealú agus a chur in ord tosaíochta sa chomhthéacs seo.
- Taithí ar mhodhanna caighdeánaithe bainistíocht tionscadail a úsáid,
- Taithí ar oifig tionscadail nó iltionscadail comhthreomhara a bhainistiú.
- Sárscileanna cumarsáide, lena n-áirítear taithí ar bhainistíocht réamhghníomhach agus sofaisticiúil a dhéanamh ar phríomhpháirtithe leasmhara.
- An cumas agus cuntas teiste teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le bainisteoirí tionscadail agus le hurraí chun torthaí a bhaint amach.
- Taithí ar bhainistíocht tionscadail a neadú laistigh d'eagraíocht.
- Eolas domhain ar dhea-chleachtas tionscail, agus ar uirlisí agus teicnící bainistíochta tionscadail.
- Dea-scileanna inspreagtha agus cumarsáide;

Caidreamh Tuairiscithe

Tuairisceoidh an té a cheapfar do Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go sonrath leis an bpost seo)

Pá

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:

€67,659, €70,104 €72,537, €74,977, €77,411, €78,816, (1), €81,274 (2) €83,740

(1) Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid.

(2) Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasmhéid.

Féadfar breiseanna a dhámhadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha maidir le breiseanna tuarastail sa tSeirbhís Shibhialta/Phoiblí i gcoitinne.

Féadfar an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

Tuarastal:

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le beartas pá reatha an Rialtais. Tosóidh iontrálaithe nua isteach sa státseirbhís nó san earnáil phoiblí, mar a shainítear iad i gCiorclán 18/2010, ar an gcéad phointe den scála tuarastail.

Is féidir go mbeidh pá agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm, má bhí an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí roimh an cheapachán.

Saoire Bhliantúil:

30 lá sa bhliain an tsaoire bhliantúil, gan laethanta saoire phoiblí a chur san áireamh.

Uaireanta oibre:

Beidh na huaireanta oibre de réir ghnáthshocruithe an QQI agus ionann agus líon uaireanta nach lú ná 37 (glan ar shosanna) sa tseachtain.

Ní íocfar aon suim bhreise as tinreamh breise toisc go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon tinreamh breise eisceachtúil a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ó am go chéile.

Suíomh: Tá an post seo suite ag 26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, faoi láthair.

Cuid II (Coinníollacha eile a bhaineann le daoine a cheapfaí sa phost seo)

1. Tionacht: Conradh téarma socraithe trí bliana a bheith i gceist.

Ní mór don té a cheapfar tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh, a mhairfidh sé mhí de ghnáth. Má bhíonn seirbhísí an cheapaí sásúil ó thaobh sláinte, iompar agus éifeachtúlacht i gcoitinne le linn na tréimhse promhaidh, ceapfar an duine sin ar bhonn buan ag deireadh na tréimhse. Má bhíonn an tseirbhís neamhshásúil, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh uair ar bith le linn na tréimhse promhaidh.

2. Dualgais: Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an té a cheapfar gach dualgas a bhaineann leis an bpost seo (a d'fhéadfaí a athbhreithniú ó am go chéile).

3. Fostaíocht Lasmuigh den Eagraíocht Post lánaimseartha é seo agus ní mór don té a cheapfar aon bhaint le fostaíocht/leasanna gnó lasmuigh a sheachaint, más amhlaidh go bhféadfaidís a bheith i gcoimhlint le gnó an QQI. Ní mór soiléiriú a iarraidh ar an mbainistíocht má tá amhras ann.

4. Saoire Bhreiteachta: Is féidir saoire bhreiteachta ar phá iomlán a cheadú faoi lánrogha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann de réir nósanna imeachta bunaithe agus coinníollacha don tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

5. Scor agus Aoisliúntas: Tairgfear téarmaí pinsin agus coinníollacha aoise pinsin na seirbhíse poiblí don té a cheapfar de réir na socruithe pinsin sa QQI ag brath ar stádas an té a cheapfar:

- a) I gcoitinne, beidh duine nach bhfuil aon stair seirbhíse poiblí inphinsin aici nó aige sna 26 seachtain roimh an cheapachán ina bhall den Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair) a thosaigh an 1 Eanáir 2013 (tagraíonn Alt 10 den Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 di);
- b) Beidh duine ar bith atá ar iasacht ina bhall i gcónaí de scéim pinsin na máthairchuideachta agus bunófar an tuarastal inphinsin ar a ghrád nó a grád substaintiúil .i. an grád ag a bhfuil an duine sin fostaithe ina m(h)áthairchuideachta.
- c) Duine ar bith a bhí ina bhall de “scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana” mar a fhorléireofar san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht sa Scéim Aonair, beidh sé nó sí ina bhall de Scéim Pinsin Foirne an QQI agus de Scéim Ghaolmhar na gCéilí agus na Leanaí;
- d) An uair a thairgfear an ceapachán, déanfaidh an QQI i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, más gá, i bhfianaise sheirbhís phoiblí an té a cheapfar roimhe sin agus/nó stair fostaíochta eile, na téarmaí agus coinníollacha cuí pinsin a chinnfidh a chuirfear i bhfeidhm go ceann thréimhse an cheapacháin. Ceanglófar ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh. Cuirfear sonraí na bhforálacha cuí pinsin ar fáil nuair a chinnfear stádas an té a cheapfar;

e) De réir fhorálacha an Ahta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha). 2004, ní ceadmhach do bhaill foirne dul ar scor roimh a 65ú breithlá ach amháin más drochshláinte is cúis leis. Tá socruithe éagsúla scoir i bhfeidhm i gcás foireann a bhí fostaithe sa tseirbhís poiblí roimh an Acht 2004 réamhluaite;

f) Ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- **Fabhrú Pinsin:** Beidh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán a áireamh i leith pinsin i gcás ina mbaineann an duine le níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an Scéim Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach le héifeacht an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí ann d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte aici/aige i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.
- **Laghdú Pinsin:** Leathnaíodh laghdú pinsin faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 ionas bhfuil go ndéantar laghdú ar phinsean seirbhíse poiblí duine ar bith a théann ar ais isteach i bhfostaíocht seirbhíse poiblí, fiú nuair is i réimse difriúil den tseirbhís poiblí an fhostaíocht nua. Ach más amhlaidh go raibh an té a cheapfar fostaithe sa státseirbhís roimhe seo agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas Scéim Dreasaíthe Luathscoir (ISER) nó VER/VRS Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chuireann an duine as an áireamh don chomórtas, mar a mhínítear thíos), beidh deireadh leis an teidlíocht ar íoc an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís a thug an té an cheapaí roimhe seo a chur san áireamh ar mhaithe le haon dámhachtain pinsin amach anseo dá gcáileadh an duine sin.
- **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Imlitir 102/2007:** Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, ach amháin i gcásanna atá leagtha amach i bparagraif 10.2 agus 10.3 den chiorclán reatha, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le scor luath faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear í nó é ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil poiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin an duine sin faoin scéim. .Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní cuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht pinsin á ríomh).
- **Scor Drochshláinte:** Cuir san áireamh go bhféadfadh pinsean duine a chuaigh ar scor ó chomhlacht státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar chúiseanna drochshláinte a bheith faoi réir athbhreithniú de réir rialacha na scéime scoir drochshláinte laistigh den scéim pinsin na fostaíochta sin.

6. **Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais** Is gá an ranníocaíocht bhreise aoisliúntais a íoc i gcás an cheapacháin seo, i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. Gheofar tuilleadh eolais maidir le fadhbanna aoisliúntais seirbhíse poiblí ar an láithreán gréasáin seo a leanas: <http://per.gov.ie/pensions>

7. **Conas cáiliú le dul san iomaíocht:** Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt ar aird go gcáilíonn saoránaigh de Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE) chun cur isteach ar an gcomórtas.

Ballstáit den Aontas Eorpach mar aon leis an Íoslainn, Lichtenstéin agus an Iorua atá san áireamh sa LEE.

- 8. An Scéim Luathscoir Dreasaithe:** Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dreasaithe, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine atá ag baint leas as an scéim sin.
- 9. Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):** Tugadh isteach le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí den 1 Samhain 2010 Spriocscéim le haghaidh Luathscor Deonach (VER) agus Iomarcaíocht Dheonach (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach gcáileoidh daoine a bhaineann leas as an scéim le cur isteach ar athfhostaíocht san earnáil sláinte phoiblí nó san earnáil phoiblí i gcoitinne, nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach as cistí poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin scéim VRS ach ní mhairfidh an cosc ach go ceann seacht mbliana agus caithfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe toiliú a thabhairt i gcás aon athfhostaithe ina dhiaidh sin. Daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin, ní cháileoidh siad chun dul isteach sa chomórtas seo.
- 10. Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**
Tugadh isteach faoi litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifig Phearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a aontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhíse Poiblí an ICTU i dtaca le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainítear sna Beartais Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna um Leas an Phobail 2009-2011) go ceann dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de dhíth sula n-athfhostaítear an t-iarrthóir. Daoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh áit a bhaint amach sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go gcáilíonn siad chun an post a ghlacadh (deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse neamhcháilitheachta) agus beidh toiliú an Aire de dhíth sular féidir glacadh le haon fhostaíocht le comhlacht seirbhíse poiblí.
- 11. Dearbhú stair fostaíochta seirbhíse poiblí roimhe seo:**
Iarrfar ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dreasaithe seirbhíse poiblí. agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann a rianaíodh thuas. Beidh ar iarratasóirí, leis, dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíocht atá acu ar phinsean Seirbhíse Poiblí (atá á hÍoc nó á chaomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó cibé an bhfuair siad íocaíocht in ionad i dtaca le haon seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

An Próiseas Iomaíochta

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir CV reatha agus litir chlúdaigh a chur ag gabháil le hiarratais, mar aon le ráiteas tacaíochta mar atá leagtha amach thíos ina dtaispeántar a oiriúnaí atá an t-iarrthóir don phost i ríomhphost chuig Hazel Whelan, Recruitment Plus, ríomhphost qqi@rplus.ie tráth

nach déanaí ná **15:00** ar 27 Márta 2020 Nó, is féidir iarratais a chur leis an bpost chuig Hazel Whelan, Ref QQI, Recruitment Plus, 20 Bóthar Chill Mhochuda Íocht., Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath.

Ráiteas Tacaíochta: I ráiteas tacaíochta, tabhair na cúiseanna go bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost seo. Déan tagairt do na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa roinn “eolas agus taithí riachtanach” agus mínigh an tslí a gcomhlíonann tú gach inniúlacht díobh.

Ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú mar atá tugtha i bparagraf 11 a sholáthar.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh

Modhanna Roghnúcháin

Is féidir iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise a chuireann siad ar fáil ar a bhfoirm iarratais mar chuid den phróiseas roghnúcháin

- agallamh
- teistiméireachtaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le teistiméirí gan comhaontú an iarrthóra a fháil roimh ré)

Forchoimeádann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an ceart iarraidh ar iarrthóirí an dara hagallamh a dhéanamh.

Gearrliostú

De ghnáth is mó iarratas a fhaightear ar phost ná an líon is gá chun folúntais atá anois ann agus folúntais todhchaí sa phost seo a líonadh. I gcás ina gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, más amhlaidh go gcuireann líon chomh mór sin isteach ar an gcomórtas nach mbeadh sé praiticiúil an uile iarrthóir a chur faoi agallamh, féadann an QQI cinneadh a dhéanamh gan ach líon beag a chur faoi agallamh. Maidir leis seo, déanann an QQI soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú le cur faoi agallamh ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, gurb iad is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcomparáid le critéir réamhshainithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin is a rá go bhfuil na hiarrthóirí eile neamhoiriúnach nó neamhábailte don phost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe a ndéalraíonn sé, bunaithe ar a bhfoirm iarratais, go bhfuil cáilíochtaí nó taithí níos ábhartha acu. Mar sin is é do leas é cuntas mionsonraithe agus cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a chur ar fáil i d'iarratas.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, leasaithe, caithfear le gach iarratas mar iarratas faoi rún.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an QQI freagrach as costais arna dtabhú ag iarratasóirí.

Ní chiallaíonn sé, má ghactar le duine isteach i bhfeachtas, nó má fhaigheann sí/sé cuireadh chun agallaimh, go bhfuil an QQI sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sí/sé dícháilithe faoin dlí don phost agus ní aon ráthaíocht é go mbreithneofar an t-iarratas tuilleadh. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigfeá gur ortsa an t-ualach a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don chomórtas sula dtagann tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach má thugann tú chun agallaimh, beidh tú ag tarraingt costais neamhriachtanacha ort féin.

Sula moltar iarrthóir ar bith a cheapadh sa phost seo, déanfaidh an QQI gach fiosrú is dóigh atá riachtanach chun a fháil amach an bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach. Ní féidir aon chinneadh deiridh a dhéanamh go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích, agus níor chóir a mheasadh ná glacadh leis go bhfuil an cinneadh déanta.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don phost glacadh leis an bpost, nó tar éis glacadh leis, má fhágann sí/sé é nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an QQI, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Oibleagáidí iarrthóirí

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go ndícháileoidh canbhasáil agus go gcuirfear amach as an gcomórtas iad dá bharr.

Níor chóir d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go heolach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil le spreagadh nó gan spreagadh
- cur isteach ar an bpróiseas nó dochar ar bith a dhéanamh dó

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Duine ar bith a sháraíonn ceann de na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine ar bith aon cheann de na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcoir. Duine ar bith a fhaightear ciontach i gcion, dlífeadh fíneáil agus/nó téarma príosúnachta air/uirthi.

Anuas ar sin, i gcás ina raibh nó ina bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina iarrthóir sa phróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh sa phost í/é, dícháileofar í/é mar iarrthóir; agus
- i gcás inar ceapadh é/í tar éis an phróisis earcaíochta i dtrácht, géillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a mheas mar iarrthóireacht atá tarraingthe siar

Iarrthóirí nach dtagann chun agallaimh nó scrúdaithe eile san áit agus ag an am a shocróidh an QQI, nó nach soláthraíonn fianaise a iarrann an QQI orthu, nuair a iarradh é, maidir le haon ghnó atá bainteach lena n-iarrthóireacht, ní bheidh siad i dteideal aon bhreithnithe eile.

Seirbhís Cháilíochta do Chustaiméirí

Féachaimid le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Má tá tú míshona, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a fuair tú uainn, iarraidimid ort é sin a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne i dtrácht. Tá tábhacht leis seo mar go gcinntíonn sé go mbímid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn gníomhú chun an fhadhb a réiteach.

Cuirfear aiseolas ar fáil ach iarratas a dhéanamh i scríbhinn.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead faoi d'ainm, ina gcoinneofar mórchuid den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus coinneoidh an QQI eolas áirithe a chuireann tú ar fáil, má éiríonn leat sa chomórtas. Coinnítear an t-eolas sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003, seol iarratas i scríbhinn chuig: Saoráidí, QQI, 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, agus cinntigh go ndéanann tú cur síos ar na taifid atá uait a mhéad is féidir chun gur féidir linn an taifead i dtrácht a shainaithint. Ba chóir €6.35 de tháille a chur leis an iarratas. Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh i bhfoirm dréacht bainc, ordú airgid nó seic phearsanta, infóicta le 'QQI'

Ráiteas Príobháideachta an Iarratasóra Rialtóir Sonraí – Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Cuspóir na Próiseála

Seolann an QQI próisis earcaíochta chun folúntais san eagraíocht a líonadh. Agus iarratasóirí ag cur isteach ar na comórtais seo, iarrtar orthu raon doiciméad a chur isteach, m.sh. foirm iarratais, CV agus/nó litir chlúdaigh.

Faighteoir/Comhroinnta le	Cúis
Recruitment Plus/QQI HR	Iarratais a fháil agus a admháil agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. Is gá faisnéis áirithe le cur san áireamh i gconarthaí d'iarratasóirí a n-éiríonn leo
Bord Roghnúcháin	Faisnéis is gá don ghearrliostú agus don phróiseas agallaimh
Fostóir reatha	Seiceálacha ar shaoire bhreitheachta agus seiceálacha ar theistiméirí i gcás iarratasóirí nach seirbhísigh phoiblí iad

Teidlíochtaí na nIarratasóirí

Aithníonn go bhfuil teidlíochtaí ag iarratasóirí agus tá na teidlíochtaí sin leagtha amach thíos.

Rochtain

- Féadfaidh iarratasóirí a gcuid sonraí a iarraidh agus a fháil uair ar bith agus cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil, i bhformáid leictreonach/inaistrithe.

Léirsciosadh

- Féadfaidh iarratasóirí léirsciosadh na sonraí atá i seilbh a iarraidh.

Ceartú

- Féadfaidh iarratasóirí ceartú a dhéanamh ar aon fhaisnéis mhícheart.

Agóid

- Féadfaidh iarratasóirí agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil na faisnéise seo.

Gearán

Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí “OCS” (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás cuí – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn

Sonraí teagmhála OCS an QQI

Ríomhphost: dpo@qqi.ie

Nó

Oifigeach Cosanta Sonraí
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
26 – 27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2.
D02 P299

Gheofar tuilleadh eolas ar chosaint sonraí:

Ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

Déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an bhfón ar 1890 252231 nó le ríomhphost ar info@dataprotection.ie